





Conradh na Gaeilge

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

## Tuarascáil ar Thoscaireacht an Chomhchoiste chuig Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge ar an 23 agus 24 Feabhra 2024

Bealtaine 2024

CGGPL021/052024

# Clár Ábhair


**Réamhrá....... 2**

**Moltaí an Chomhchoiste....... 3**

**1. Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2024....... 6**

**2. Plé na hArd-Fheise: Fás agus Forbairt na Gaeilge agus na Gaeltachta....... 8**

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh....... 8
An Teachta Dála Éamon Ó Cuív....... 11
An Seanadóir Marie Sherlock....... 13

**3. Na Rúin ar ghlac Conradh na Gaeilge leo mar chuid dá Ard-Fheis 2024.... 14**

**AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste....... 23**

**AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste....... 24**


Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann....... 24
Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann....... 26

## Réamhrá

Ag a chruinniú ar an 21 Feabhra 2024, chomhaontaigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge go bhfreastalódh an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh agus an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, ar Ard-Fheis Chonradh na nGaeilge i mBaile Átha Cliath ar an 23 agus 24 Feabhra 2024. Mar chuid de phlé na hArd-Fheise, ghlac mé féin, an Teachta Dála Éamon Ó Cuív, agus an Seanadóir Marie Sherlock, páirt i ndíospóireacht an-suimiúil ar an ábhar 'I dTreo Toghchán – Éilimh Phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta'. Bhí an iriseoir Máirín Ní Ghadhra Uasal ina Cathaoirleach ar an díospóireacht.

Le linn na díospóireachta sin, phléamar ábhair éagsúla a bhain le saol agus pobal na Gaeilge. Ina measc siúd, phléamar tithíocht i gceantair Ghaeltachta; cúrsaí oideachais agus cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge; an Plean Infheistíochta don Ghaeilge i dTuaisceart Éireann; cur chun cinn na Gaeilge sna húdaráis áitiúila; an fheidhm náisiúnta atá ag TG4; na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta; agus Plean Fáis (Plean Infheistíochta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht) Chonradh na Gaeilge. Ag eascairt as an díospóireacht sin, tá 16 moladh againn mar chuid den tuarascáil seo agus tá dhá mholadh eile curtha leo ag éirí as na rúin ar ghlac Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2024 leo. Baineann an dá mholadh sin leis an gcóras oideachais agus is mian leis an gComhchoiste tacú leo.

Thar ceann Chomhaltaí an Chomhchoiste, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Conradh na Gaeilge as an gcuireadh páirt a ghlacadh in Ard-Fheis 2024. Is eagraíocht ar leith é Conradh na Gaeilge i saol phobal na Gaeilge agus molann an Comhchoiste an tsárobair atá ar bun aige ó chéad-bhunaíodh é in 1893, níos mó ná 130 bliain ó shin. Chomhaontaigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge an tuarascáil seo ag a chruinniú ar an 22 Bealtaine 2024, agus leagadh faoi bhráid Dháil Éireann agus Sheanad Éireann í ar an 29 Bealtaine 2024.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh TD
Cathaoirleach
22 Bealtaine 2024

## Moltaí an Chomhchoiste

1. Go n-úsáidfear Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) chun scileanna teanga na n-iarrthóirí a mheas, a bhíonn ag iarraidh teacht isteach go ceantair Ghaeltachta agus tithe a thógáil nó a cheannach iontu.
2. Go n-eiseoidh an tAire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta na treoirlínte i leith sholáthar tithíochta sna ceantair Ghaeltachta chomh luath agus is féidir agus go bpléifidh sé iad le Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.
3. Go mbeidh feidhm ag Údarás na Gaeltachta i leith sholáthar tithíochta i gceantair Ghaeltachta.
4. Go mbeidh feidhm ag na húdaráis áitiúla ina bhfuil ceantair Ghaeltachta lonnaithe i gcás soláthar tithíocha sna ceantair Ghaeltachta sin. Go mbeidh na húdaráis áitiúla sin in ann agus toilteanach tithe príobháideacha a cheannach nuair a thiocfaidh siad ar an margadh agus iad a dhíol ina dhiaidh sin do phobal na Gaeltachta ar phraghas measartha.
5. Go n-aithneoidh an tAire Oideachais go poiblí an ceart atá ag gach pobal ar fud na tíre Gaelscoil agus Gaelcholáiste a bheith lonnaithe ina gceantar áitiúil. Go ndéanfaidh an tAire athruithe ar an gcóras ina ndéantar cinntí maidir le Gaelscoileanna nua agus / nó scoileanna nua eile a bhunú i gceantair éagsúla, ionas go mbeidh na pobail sin in ann an ceart sin a bhaint amach.
6. Go gcuirfidh an tAire Oideachais, níos mó béime agus dlúise ar an bhfeachtas chun níos mó múinteoirí a chur ar fáil sa chóras oideachais, a mbeidh Gaeilge líofa fheidhmiúil acu, agus go gcuirfidh an tAire an tacaíocht chuí ar fáil chun na múinteoirí sin a chur ar fáil fud fad an chórais oideachais.
7. Go gcuirfidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige beartas cuimsitheach forbartha ar bun i leith bhunú naíolanna agus naíonraí ar fud na tíre agus i leith na tacaíochta a fhaigheann siad ón Stát.
8. Go gceapfar Aire Sóisearach sa Roinn Oideachais, sa chéad Rialtas eile tar éis an chéad toghcháin náisiúnta eile, a bheidh freagrach as teagasc agus foghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais, agus go mbeidh rannóg ar leith sa Roinn Oideachais a bheidh tiomnaithe d’fhorbairt chóras na Gaelscolaíochta.

9. Go rachaidh an dá Rialtas, ó thuaidh agus ó dheas, i ngleic leis na fadbanna atá ann i leith an Phlean Infheistíochta i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus go soláthróidh siad an t-airgead atá de dhíth orthu go géar d’Fhoras na Gaeilge chun an Plean Infheistíochta a fhorbairt.
10. Go ndéanfaidh an Rialtas gach iarracht an Rialtas ó thuaidh a thathant chun maoiniú breise a chur ar fáil ionas gur féidir leis an nGaelscolaíocht i dtuaisceart Éireann forbairt agus fás a bhaint amach.
11. Go ndéanfaidh an Rialtas gach iarracht an Rialtas ó thuaidh a thantant a chearta teanga iomlána a thabhairt do phobal na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus a thathant ar an Rialtas sin go mbeidh comhionannas ann agus go dtabharfar aitheantas don Ghaeilge ar na comharthaí bóthair agus araile.
12. Go gcuirfidh an Rialtas tuilleadh airgid ar fáil i leith chur chun cinn na Gaeilge trasna na n-earnálacha Stáit, agus go gcuirfear struchtúr ceart agus oiriúnach i bhfeidhm chun an t-airgead sin a dháileadh agus a chaitheamh.
13. Go dtabharfaidh an tAire Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sainmhíniú ar cad é caiteachas ar an nGaeilge, ionas nach mbeidh caiteachas nach mbaineann go díreach leis an nGaeilge mar theanga, ach a bhaineann le seirbhísí Stáit a bhfuil dualgais ar an Stáit iad a chur ar fáil don daonra in iomlán go dátheangach, curtha ina leith.
14. Go gcinnteoidh an tAire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh rannóg Gaeilge ar leith i ngach údarás áitiúil agus go mbeidh grád oiriúnach ag an Oifigeach Gaeilge i ngach comhairle contae, ionas go mbeidh dóthain tionchair agus cumachta ag na hOifigigh Ghaeilge sin a a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus a spriocanna a bhaint amach i gceart. Go n-eiseoidh an tAire ciorclán chuig gach údarás áitiúil ina leagfaidh sé amach a gcuid dualgas i leith chur chun cinn na Gaeilge agus i leith sholáthar seirbhísí dátheangacha.
15. Go n-aithneoidh an tAire Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go poiblí go bhfuil dhá chraoltóir náisiúnta ann sa Stát, agus de dheasca an aitheantais sin, go dtabharfaidh an maoiniú agus an tacaíocht do TG4, atá tuillte dó mar chraoltóir náisiúnta.

16. Go dtabharfaidh an tAire Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sainmhíniú ar cad atá i gceist le Líonra Gaeilge, agus le Baile Seirbhíse Gaeltachta, ar cad go díreach atá i gceist leo, na cúraimí atá acu, na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal, agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh.

Chomh maith leis sin, is mian leis an gComhchoiste dhá rún ar leith ar ghlac Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2024 leo a lua, agus tacaíocht an Chomhchoiste a léiriú i leith na rún sin.

17. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire Oideachais an cinneadh i leith an líon ama do mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna ó dheas a laghdú 30 nóiméad sa tseachtain ó rang a 1 go dtí rang a 6 a tharraingt siar.
18. Molann an Comhchoiste arís, agus mar atá déanta aige cheana i dtuarascáil dá chuid le déanaí, deireadh a chur leis an gcóras díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge agus córas díolúine ó fhoghlaim an dara teanga a chur ina áit.

## 1. Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2024

### Óráid Uachtarán Chonradh na Gaeilge

D'oscail Uachtarán Chonradh na Gaeilge – Paula Melvin Uasal Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge 2024, agus ina hóráid oscailte thug sí léargas gairid ar stair an Chonartha.

Le linn a hóráide oscailte, luaigh sí ceithre easpa ar leith atá ann i leith phobal na Gaeilge sa lá atá inniu ann: -

1. An easpa Gaelscolaíochta in Éirinn i gcomparáid leis an éileamh mór atá ann i leith na Gaelscolaíochta ó mhuintir na hÉireann;
2. An easpa comhtháthaithe atá ann i dteagasc agus i bhfoghlaim na Gaeilge ón mbunleibhéal suas go dtí an tríú leibhéal sa chóras oideachais in Éirinn;
3. An easpa tithíochta atá ar fáil do phobal na Gaeltachta;
4. An easpa reachtaíochta atá ann i dTuaisceart Éireann i leith cearta teanga agus cosaint na Gaeilge mar theanga phobail.

### Óráid an Aire Stáit sa Roinn Iompair agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – an Teachta Dála Jack Chambers

Labhair an tAire Stáit sa Roinn Iompair agus sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide – an Teachta Dála Jack Chambers leis an Ard-Fheis. Mar chuid dá óráid, rinne sé tagairt don Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010 go 2030, agus d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021. Luaigh sé an fhoráil san Acht a chuireann dualgas ar Comhlachtaí Poiblí ar fud na Státseirbhíse agus ar fud na Seirbhíse Poiblí a chinntiúgo mbeidh 20% ar a laghad dá gcuid fostaithe nua ina bhfostaithe dátheangacha, ó 2030 ar aghaidh, agus go mbeidh na fostaithe sin in ann agus ar fáil chun seirbhísí poiblí feidhmiúla a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Luaigh sé an obair a bhí ar siúl ag an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge chun spriocanna na forála seo a éascú agus a chinntiú.

Chomh maith leis sin, mhol sé: -

1. An Scéim Teanga Tí atá faoi stiúir Ghlór na nGael, scéim a thugann comhairle, cúnamh agus tacaíocht do thuismitheoirí a thógann a gcuid clainne le Gaeilge;
2. An obair iontach atá ar siúl faoi stiúir Fhoras na Gaeilge fud fad oileán na hÉireann agus an maoiniú atá ar fáil don Fhoras i leith na hoibre sin;
3. Na pleananna atá ag Conradh na Gaeilge a fhoirgneamh a fhorbairt ar Shráid Fhearchair i mBaile Átha Cliath.

## 2. Plé na hArd-Fheise: Fás agus Forbairt na Gaeilge agus na Gaeltachta

Bhí plé an-suimiúil mar chuid den Ard-Fheis ar an ábhar 'I dTreo Toghchán – Éilimh Phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta'. D'fheidhmigh an t-iriseoir Máirín Ní Ghadhra Uasal (TG4 agus Raidió na Gaeltachta) mar Chathaoirleach ar an bplé, agus ghlac an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, an Teachta Dála Éamon Ó Cuív agus an Seanadóir Marie Sherlock páirt sa díospóireacht phainéil ar an ábhar.




Ó thaobh na láimhe clé: An Teachta Dála Éamon Ó Cuív, an Seanadóir Marie Sherlock, Máirín Ní Ghadhra, an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh.

### An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh

Maidir le soláthar tithíochta sna ceantair Ghaeltachta agus an riachtanas a bhí ann féiniúlacht Ghaelach na bpobal sna ceantair sin a chosaint agus a fhorbairt, dúirt an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh go raibh caighdeán Eorpach ann. Bhí Teastas Eorpach na Gaeilge (an TEG) in ann scileanna teanga na n-iarrthóirí a mheas, a bhí ag iarraidh teacht isteach chuig ceantar Gaeltachta agus tithe a thógáil nó a cheannach ann.

Ag tagairt do na treoirlínte i leith sholáthar tithíochta sna ceantair Ghaeltachta, dúirt an Teachta Dála Ó Snodaigh go raibh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge fós ag fanacht orthu, agus go raibh an Comhchoiste ar

tinneall chun iad a phlé leis an Aire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta – chomh luath agus is féidir.

Dúirt an Teachta Dála Ó Snodaigh gur chóir go mbeadh feidhm ag Údarás na Gaeltachta san earnáil tithíochta i gceantair Gaeltachta. Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh feidhm ag na húdaráis áitiúla ina raibh ceantair Ghaeltachta lonnaithe. Ba chóir go mbeadh na húdaráis áitiúla sin in ann agus toilteanach tithe príobháideacha a cheannach nuair a thiocfaidís ar an margadh agus iad a chur ar díol ina dhiaidh sin do phobal na Gaeilge ar phraghsanna measartha.

Maidir le soláthar na Gaelscolaíochta, dúirt an Teachta Dála Ó Snodaigh go raibh sé soiléir nach raibh plean ar bith ag an Roinn Oideachais ina leith, agus nach raibh aon leid ann go raibh an Roinn báúil nó tuisceanach ar an gceart a bhí ag gach pobal ar fud na tíre Gaelscoil agus Gaelcholáiste a bheith lonnaithe ina cheantar áitiúil. De dheasca theip sheasta na Roinne Oideachais chun Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a chur ar fáil fud fad na tíre, agus i gcomhréir leis an éileamh a bhí ann ina leith, bhí a gcearta teanga á séanadh ar dhaltaí na hÉireann. Chomh maith leis sin, thug an Roinn Oideachais neamhaird ar éilimh thuismitheoirí na ndaltaí sin go gcuirfí oideachas ar fáil dá leanaí trí mheán na Gaeilge.

Dúirt an Teachta Dála Ó Snodaigh go raibh fadbhanna bunúsacha ag baint leis an bPlean Infheistíochta i leith na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus go raibh airgead de dhíth go géar ar Fhoras na Gaeilge chun an Plean Infheistíochta a fhorbairt. Ba ghá práinneach é go rachadh an dá Rialtas, ó thuaidh agus ó dheas, i ngleic leis na fadbanna sin agus go réiteoidís iad chomh luath agus is féidir. Dúirt sé go raibh airgead le caitheamh ar fhorbairt an Ghaeloideachais i dTuaisceart Éireann agus nach raibh pobal na Gaeilge sásta a bheith ag fanacht bliain i ndiaidh bliana ar an airgead sin a fháil – airgead a bhí dlite dó. Dúirt sé go raibh dualgas ar an dá Rialtas a chinntiú go dtabharfar meas do chearta teanga phobal na Gaeilge i dTuaisceart Éireann – go mbeadh comhionannas ann agus go dtabharfaí aitheantas don Ghaeilge ar na comharthaí bóthair agus araile.

Maidir le cur chun cinn na Gaeilge sna húdaráis áitiúla, dúirt an Teachta Dála Ó Snodaigh gur chóir go mbeadh post ard go leor ag na hoifigigh Ghaeilge sa chaoi is

go mbeidís in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn go húimléideach. Bhí cur chun cinn na Gaeilge ag an leibhéal áitiúil an-tábhachtach agus bhí dualgas ar na húdaráis áitiúla a chinntiú go ndéanfaí seirbhísí a sholáthar go dátheangach dá bpobal áitiúil.

Dúirt an Teachta Ó Snodaigh gur bhliain ar leith a bhí ann in 2024 mar bhí an fhéidearthacht ann go mbeadh trí thoghchán ar siúl sa tír. Bheadh an toghchán Pharlaimint na hEorpa, na n-údarás áitiúil ar siúl, agus bhí gach deis ann go mbeadh toghchán Dháil Éireann féin os comhair an phobail roimh dheireadh na bliana. Mar sin, ba é sin an t-am chun pobal na Gaeilge a bheith ullamh lena gcuid aighneachtaí agus moltaí i leith chur chun cinn na Gaeilge agus i leith na polasaithe áirithe a bhí de dhíth ar phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta: polasaithe oideachais, teanga, tithíochta agus araile.

### An Teachta Dála Éamon Ó Cuív

Maidir le cúrsaí tithíochta i gceantair Ghaeltachta, dúirt an Teachta Dála Éamon Ó Cuív nárbh é an easpa tithíochta amháin a bhí ann sna ceantair sin, ach easpa seirbhísí tacaíochta i leith na dtithe a bhí ann cheana féin chomh maith. Nuair a bhíodh tithíocht ann nó de dhíth, bhíodh na fóntais phoiblí de dhíth freisin: soláthar uisce, diúscairt dramhaíola agus araile. Ba chóir go mbeadh feidhm ag Údarás na Gaeltachta i soláthar tithíochta sna ceantair Ghaeltacha, agus ba chóir go mbeadh cosaintí ann chun féiniúlacht Ghaelach na gceantar sin a chosaint. Ní bheadh sé ródheacair é sin a chur i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an TEG, agus daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht ag teacht isteach chun cónaí ann.

I dtaobh na Gaelscolaíochta, dúirt an Teachta Dála Ó Cuív go raibh líon na scoileanna lán-Ghaeilge an-íseal agus ró-íseal ar fad. Bhí sé de cheart ag gach uile dhalta in Éirinn oideachas a fháil trí mheán na Gaeilge, ceart nár comhlíonadh riamh ó bunaíodh an Stát. Níos mó ná céad bliain níos déanaí, bhí dualgas ar an Rialtas gach tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don Ghaelscolaíocht, ionas go n-airdeofaí líon na ndaltaí a bheadh ag freastal ar Ghaelscoileanna agus líon na ndaoine sa chéad ghlúin eile a bheadh ina gcainteoirí Gaeilge. Ach ba fhadhb mhór é an líon beag múinteoirí cáilithe chun an Ghaeilge a theagasc nó ábhair eile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Bhí dualgas ar an Rialtas an fhadhb sin a réiteach. Ba chóir go mbeadh Aire Sóisearach sa Roinn Oideachais freagrach as teagasc agus foghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais, agus go mbeadh rannóg ar leith sa Roinn a bheadh tiomnaithe d'fhorbairt chóras na Gaelscolaíochta. Bheadh gá athruithe a dhéanamh ar conas a dhéanfaí cinntí maidir le Gaelscoileanna nua agus / nó scoileanna nua eile a bhunú i gceantair éagsúla. Chomh maith leis sin, ba chóir beartas cuimsitheach a fhorbairt i leith bhunú naíolanna agus naíonraí ar fud na tíre agus i leith na tacaíochta gheobhaidís ón Stát.

Dúirt an Teachta Dála Ó Cuív go raibh deacrachtaí ann agus iarrachtaí ar bun chun an Ghaeilge a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann. Bhí ar dhaoine a bheith airdeallach faoi na srianta a bhain leis an gcomhaontaithe ach ag an am céanna gurbh b'fhéidir leo dul chun cinn a dhéanamh agus spriocanna a bhaint amach.

Dúirt an Teachta Dála Ó Cuív gur ghá tuilleadh airgid a chaitheamh ar chur chun cinn na Gaeilge, agus gur ghá go mbeadh gréasán ceart agus oiriúnach ann chun an t-airgead sin a dháileadh agus a chaitheamh. Chomh maith leis sin, ba chóir go dtabharfaí sainmhíniú ar cérbh é an caiteachas ar an nGaeilge, mar ag an am sin bhí caiteachas á chur ina thaobh, nárbh chaiteachas ar an nGaeilge féin é ar chor ar bith, ach caiteachas ar rudaí eile a bhain le gnáthchúraim an Rialtais agus an Stáit. Mar shampla, ní caiteachas ar ar nGaeilge ach caiteachas ar an oideachas náisiúnta é an caiteachas ar an nGaelscolaíocht. Ní caiteachas ar an nGaeilge ach caiteachas ar an gcraoltóireacht náisiúnta é caiteachas ar TG4 agus ar Raidió na Gaeltachta ach an oiread. Maidir le caiteachas ar an nGaeilge féin, ba chóir Aire Sinsearach a cheapadh ar a mbeadh an dualgas a bheith freagrach go díreach as an nGaeilge a chur chun cinn agus tacú léi.

Maidir leis na húdaráis áitiúla, dúirt an Teachta Dála Ó Cuív gur chóir go mbeadh rannóg Gaeilge ar leith i ngach údarás áitiúil agus go mbeadh grád oiriúnach ag na hOifigigh Ghaeilge sna comhairlí contae, ionas go mbeadh dóthain tionchair agus cumhachta ag na nOifigigh Ghaeilge sin a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus a spriocanna a bhaint amach i gceart. Ba chóir don Rialtas ciorclán a eisiúint chuig gach údarás áitiúil ina leagfaí amach a gcuid dualgas i leith cur chun cinn na Gaeilge agus i leith sholáthar seirbhísí dátheangacha.

Maidir le cúrsaí craoltóireachta, léirigh an Teachta Dála Ó Cuív nach raibh sé inghlactha go forleathan, díreach mar ba chóir dó, go raibh dhá chraoltóir náisiúnta ann sa Stát: Raidió Teilifís Éireann agus TG4. Go deimhin, is craoltóir náisiúnta ar leith é TG4 agus ba chóir go dtabharfaí an maoiniú agus an tacaíocht do TG4 mar chraoltóir náisiúnta. Bhí sé sin de dhíth go géar agus ba chóir, ar son cothrom na Féinne do TG4 agus do phobal na Gaeilge, go ndéanfaí amhlaidh chomh luath agus is féidir.

Chuir an Teachta Dála Ó Cuív fáilte roimh na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhísí Gaeltachta, ach dúirt sé gur gá sainmhíniú a thabhairt ar céard is Líonra Gaeilge agus Baile Seirbhíse Gaeltachta ann. Cad go díreach a bhí i gceist leo? Cad iad na cúraimí a bhí acu? Cad iad na seirbhísí a sholáthraíonn siad don phobal? Agus cad iad na tacaíochtaí a bhí ar fáil dóibh?

### An Seanadóir Marie Sherlock

Maidir le soláthar tithíochta i gceantair Ghaeltachta, dúirt an Seanadóir Marie Sherlock gur thuig sí míshásamh phobail na Gaeltachta ina leith. Ní raibh rialacha soiléire i bhfeidhm chun treoir a thabhairt do dhaoine a bhí ag iarraidh teach a thógáil ina gceantair dúchais, agus bhí gá leo.

Chuir an Seanadóir Sherlock béim ar thábhacht an chóras oideachais i gcur chun cinn na Gaeilge trasna na tíre. Dúirt sí nach raibh dóthain Gaelscoileanna ann chun an cur chun cinn sin a chinntiú. Dúirt sí go raibh sé dochreidte gur dúiltíodh cead do cheantair áirithe Gaelscoileanna a chur ar bun iontu agus ba léargas é sin ar easpa tuisceana na Roinne Oideachais i dtaobh an ghá, na práinne agus an éilimh ón bpobal a bhí ann ina leith. Chomh maith leis sin, ní raibh dóthain múinteoirí ar fáil sa chóras oideachais, a raibh Gaeilge líofa fheidhmiúil acu, agus bhí sé bunriachtanach go gcuirfidh an Rialtas an tacaíocht chuí ar fáil chun na múinteoirí sin a sholáthar fud fad an chórais oideachais. Maidir leis an gcóras i leith na ndíolúintí a bhí ann i dtaobh foghlaim na Gaeilge, bhí sé lochtach agus ag déanamh dochair don Ghaeilge.

Dúirt an Seanadóir Sherlock gur ábhar truacánta é nach raibh Acht Teanga i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann go fóill agus ba chóir go n-iarrfadh an Rialtas ar an gCéad Aire agus ar an Leas-Chéad Aire ansin a chinntiú go gcuirfear Acht mar sin sa reachtaíocht chomh luath agus is féidir.

Maidir leis na húdaráis áitiúil, dúirt an Seanadóir Sherlock gur chóir go mbeadh an struchtúr agus na tacaíochtaí cearta ann ionas gur féidir leis na hOifigigh Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn in obair na gcomhairlí contae.

Mhol an Seanadóir Sherlock an Plean Fáis (Plean Infheistíochta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht) a bhí ag Conradh na Gaeilge, an ceann a bhí ann idir 2016 agus 2023 agus an ceann reatha a bhain leis na blianta 2024 agus 2029. Dúirt sí go raibh gá níos mó airgid agus infheistíochta a chur ar fáil chun an Plean Fáis a fhorbairt agus chun tacú leis.

## 3. Na Rúin ar ghlac Conradh na Gaeilge leo mar chuid dá Ard-Fheis 2024

1. (a) Éilíonn an Ard-Fheis seo ar an Aire Tithíochta, Darragh O'Brien TD, gníomhú chun spriocanna an Pholasaí Náisiúnta don Tithíocht Ghaeltachta atá comhordaithe ag Conradh na Gaeilge a fheidhmiú gan a thuilleadh moille. Ba chóir na moltaí atá ag éirí as an bpolasaí a chur san áireamh sna dréacht-treoirlínte don phleanáil sa Ghaeltacht, ar chóir a fhoilsiú gan aon mhoill eile, agus sa Bhille um Pleanáil agus Forbairt, 2023 atá ag dul trí Thithe an Oireachtais faoi láthair.

   (b) Go bhfáiltíonn an Ard-Fheis seo leis an obair atá tosaithe ag Údarás na Gaeltachta maidir le soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht. Chun cur leis an obair seo, agus mar atá sonraithe i bPolasaí Náisiúnta Chonradh na Gaeilge don phleanáil tithíochta sa Ghaeltacht, go n-iarrann an Ard-Fheis ar Údarás na Gaeltachta dul i gcomhar le Roinn na Gaeltachta agus an Roinn Tithíochta le go gcuirfear Plean Daonra agus Tithíochta le chéile do gach limistéar pleanála teanga sa Ghaeltacht. San áireamh sa phlean seo, bheadh eolas ar dhaonra agus tithíocht reatha sa limistéar agus spriocanna don dá rud sa todhchaí le cinntiú go mbeidh a dhóthain fáis sa daonra agus tithíocht ar fáil le freastal ar an bhfás sin.

   (c) Go dtabharfaidh Conradh na Gaeilge tacaíocht láidir d'éilimh na heagraíochta BÁNÚ, go háirithe maidir le dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta sa Ghaeltacht, sna blianta atá amach romhainn.

   (d) Aontaíonn an Ard-Fheis seo go bhfuil tábhacht ar leith le pobail Ghaeilge a bhunú timpeall na tíre sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht araon. Leis sin, molann an Ard-Fheis an obair atá ar bun ag Coiste Ceantair Átha Cliath agus BÁC le Gaeilge i leith lonnaíocht Ghaeilge a bhunú in Áth Cliath. Chomh maith leis sin, ba mhaith leis an Ard-Fheis seo moladh a thabhairt do na dreamanna eile atá ag déanamh na hoibre céanna timpeall na tíre. - Mar sin, iarrann an Ard-Fheis seo ar Chonradh na Gaeilge gach tacaíocht a chur ar fáil do na tograí sin a bhfuil baint ag na coistí stiúrtha le Conradh na Gaeilge.

2. (a) Cáineann an Ard-Fheis seo cinneadh an Aire Oideachais, Norma Foley TD, leis an líon ama do mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna ó dheas a laghdú 30 nóiméad sa tseachtain ó rang a 1 go dtí rang a 6. Éilíonn an Ard-Fheis uirthi an cinneadh seo a tharraingt siar agus polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal, mar a gheall Fianna Fáil san olltoghchán i 2020 dúinn agus atá luaite sa Chlár Rialtais reatha, a fhorbairt láithreach bonn. Is í an chéad chéim leis an bpolasaí seo a fhorbairt ná Coiste Saineolais a bhunú leis an 'Moladh Chun Tosaigh', cáipéis a chuir an Coiste Oideachais comhordaithe ag Conradh na Gaeilge le chéile, agus a bronnadh ar an Aire i mí Iúil a fhorbairt.

(b) Cáineann an Ard-Fheis seo an méadú suntasach i líon na ndaltaí le díolúine ó staidéar na Gaeilge sa chóras oideachais ó dheas. Éilítear ar an Aire Oideachais, Norma Foley TD, múnla nua don Ghaeilge sa chóras oideachais trí chéile a fhorbairt agus go mbainfidh an múnla seo úsáid as an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach mar atá molta ag an bhfeachtas #Gaeilge4All. De réir an mholadh seo ag #Gaeilge4All bheadh an córas nua in ann freastail ar riachtanais chuid mhaith de na daltaí le deacrachtaí foghlama agus ar dhaltaí a bhíonn ag teacht isteach déanach sa chóras oideachais in ionad iad a choinneáil amach ó mhúineadh na Gaeilge.

(c) Aithníonn an Ard-Fheis seo go mbíonn dúshlán mór ag mionlach daltaí scoile an dara teanga a fhoghlaim mar gheall ar dheacrachtaí foghlama nó cúiseanna eile. Mar gheall ar sin, iarrann an Ard-Fheis ar an Roinn Oideachais deireadh a chur leis an chóras díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge agus córas díolúine ó fhoghlaim dara teanga a chur in áit.

(d) Go n-eagrófar feachtas ar bhonn práinneach leis an ghéarchéim atá sna scoileanna dara leibhéil agus líon na ndaltaí atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge ag laghdú bliain i ndiaidh bliana agus go mbeadh sé riachtanach go mbeadh staidéar déanta ar teanga eile seachas an Béarla don GCSE.

3. Molann an Ard-Fheis an chomhpháirtíocht idir 138 grúpa Gaeilge, Gaeltachta agus eile le spriocanna an Phlean Fáis - Plean Infheistíochta don Ghaeilge 2024-2029 a bhaint amach. Éilítear ar na Rialtais thuaidh

agus theas agus ar gach páirtí polaitiúil a chinntiú go gcuirfear an maoiniú lorgtha ar fáil.

4. (a) Aithníonn agus molann an Conradh an dul chun cinn déanta le hUimhir 6, Ceann-Áras an Chonartha, a fhorbairt agus an phráinn a bhaineann leis seo a chur i gcrích os rud é go bhfuil droch-chaoi ar an bhfoirgneamh féin faoi láthair. Cuirtear fáilte roimh an bhfógra do chomhpháirtíocht idir Oifigeach na nOibreacha Poiblí, Roinn na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge leis an bhfoirgneamh a fhorbairt. Tugtar an cúram leis na socruithe cuí ó thaobh seilbh, forbartha, léasa agus comhaontú dlíthiúil a dhéanamh do Bhuanchoiste an Chonartha agus an cúram do Choiste Gnó an Chonartha leis an gcinneadh a dhéanamh ag deireadh an phróisis.

(b) Molaimid go mbeidh ionadaí ó Choiste an Chlub mar chuid d'aon ghrúpa comhairleach atá ag plé le hathfhorbairt ar uimhir a 6 Sráid Fhearchair.

5. Molann an Ard-Fheis go leanfar leis an mbrú le cinntiú go soláthrófar fógraí agus ábhar Gaeilge atá ar comhchaighdeán lena gcomhionann Béarla, cruinn ó thaobh na Gaeilge de, agus go dtacófar leis na meáin Ghaeilge le go mbeidh siad in ann leas a bhaint as na buntáistí a thagann leis an leasú, a bhain an Conradh amach sa leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, gur gá do chomhlachtaí poiblí fógra i ngach 5 fhógra a chur amach as Gaeilge agus 5% dá mbuiséad fógraíochta a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.

6. (a) Éilíonn an Ard-Fheis ar na Ranna Rialtais agus ar na Comhairlí Áitiúla ó thuaidh aird ar leith a thabhairt ar chomharthaíocht don Ghaeilge, go háirithe mar a bhaineann siad le Gaeilge ar chomharthaíocht de chuid na Comhairle, le logainmneacha agus le sráidainmneacha ar chomharthaíocht sráide agus bóithre, le bailte fearainn luaite le gach sráid ainm go dátheangach, agus gach rud a chur i gcrích de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta agus áitiúil.

(b) Molann an Ard-Fheis seo an obair chlaochlaitheach atá ag dul ar aghaidh fud fad Bhéal Feirste leis an fheachtas cumhachtach ar chomharthaí sráide dátheangacha, atá ag cur le feiceálacht agus rochtain ar an Ghaeilge.

7. Molann an Ard-Fheis an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Aire Stáit na Gaeltachta as an maoiniú breise a fuair Raidió Rí-Rá i 2024 leis an tseirbhís a fhorbairt agus éilíonn an Ard-Fheis seo ar an dá Aire féachaint chuige an maoiniú agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil le Raidió Rí-Rá a chur ar fáil ar FM go lánaimseartha le cinntiú go mbeidh rochtain ar an aos óg ar an stáisiún pé am sa lá agus pé áit sa tír nuair is mian leo éisteacht leis.

8. Is foinse dóchais í Cathair Bhéal Feirste d'athbheochan na Gaeilge fud fad na tíre. Tá an Ghaeilge faoi bhláth sa chathair agus ag méadú i rith ama. Tá iarthar na Cathrach anois aitheanta mar shaincheantar pleanála teanga agus mar líonra Gaeilge. Beidh Comhaltas Uladh ag ceiliúradh 100 bliain i 2026 agus chun an chloch mhíle stairiúil sin a chomóradh, ba mhaith linn Ard-Fheis a thabhairt go Béal Feirste.

9. Go mbeidh ciste tacaíochta Sheachtain na Gaeilge don phobal ag gach comhairle sa tír.

10. Molann an Ard-Fheis an obair a dhéanann Oifigigh Gaeilge páirt-aimseartha agus lán-aimseartha in Aontas na Mac Léinn timpeall na tíre. Creideann an Ard-Fheis gur cheart go mbeadh Oifigeach Gaeilge ag gach Aontas na Mac Léinn. Mar sin, éilíonn an Ard-Fheis ar Chonradh na Gaeilge, i gcomhpháirtíocht le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ), oibriú leis na hAontais nach bhfuil Oifigeach Gaeilge acu chun ról an Oifigigh Gaeilge a bhunú.

11. Fáiltíonn an Ard-Fheis roimh an tionscadal nua Céad Míle Fáilte agus guímid gach rath air. Is tionscadal tráthúil agus tábhachtach é seo agus tá súil againn go mbeidh Céad Míle Fáilte in ann tógáil ar bhunchlocha láidre na comhpháirtíochta agus deiseanna comhoibrithe a thógáil le grúpaí ar an talamh ar nós PPR, Anaka Womens Collective, The Kind Economy Campaign agus go leor eile ar fud an oileáin. Seolann an Ard-Fheis seo teachtaireacht láidir go bhfuil fáilte roimh theifigh in Éirinn agus bímid mar eagraíocht chun tosaigh ag roinnt na Gaeilge leo agus go dtacaíonn an Conradh leis an léirsiú Seas Le Chéile i mBÁC ar dara lá Márta.

12. Aithníonn an Ard-Fheis an tábhacht atá leis an fheachtas leanúnach ar chearta teanga ó thuaidh agus an t-údar díomá atá ar phobal Gaeilge na sé chontae leis an mhoill atá le cur i bhfeidhm an reachtaíocht stairiúil teanga. Moltar don Ard-Fheis leanúint lena tacaíocht don fheachtas chun a chinntiú go gceapfar coimisinéir Ghaeilge den chéad uair riamh ó thuaidh gan a thuilleadh moille.

13. Éilíonn an Ard-Fheis seo ar an Fheidhmeannas ó thuaidh, nó ar Rialtas na Breataine mura mbíonn aon Fheidhmeannas ann, Acht Gaelscolaíochta a thabhairt isteach a dhéanfaidh riachtanais na hearnála a aithint go soiléir sa dlí agus a chinntíonn go dtugann an rialtas gach cuidiú agus tacaíocht don earnáil fás agus forbairt sna blianta atá romhainn.

14. In áit 46 (g) mar atá ann faoi láthair cuir isteach: (g) Ionadaí amháin ó Sheachtain na Gaeilge Teoranta, ón gCoimisiúin le Rincí Gaelacha agus Ógras a fhad is atá ionadaíocht ag an gConradh ar a gcoistí ceannais (is í an fheidhm amháin leis an ionadaíocht atá ag an gConradh ar choistí ceannais na n-eagraíochtaí seo ná an Ghaeilge a chur chun cinn).

15. Go mbainfear na tagairtí d'Eagraíochtaí faoi Scáth trí:- mír 46 (g) a bhaint, agus mír 82 (e) a bhaint, agus míreanna 113 go 118 a bhaint.

16. An méid seo a leanas a chur le mír 21: In ainneoin san, féadfaidh baill chraoibhe i gColáistí Tríú Leibhéil a bheith mar bhaill ag an am céanna de chraobh lasmuigh den chóras oideachais sa tríú leibhéil.

17. Go bhfáiltíonn an Ard-Fheis seo roimh bhunú an Mheitheal Náisiúnta Pleanála Teanga, scáthghrúpa don earnáil phleanáil teanga, go n-aithníonn an Ard-Fheis an tacaíocht a thug foireann an Chonartha go dtí seo don scáthghrúpa seo agus go leanfar leis an tacaíocht sin.

18. Aithníonn an Ard-Fheis seo gurb é an Gaeloideachas an bealach is éifeachtaí le líon na cainteoirí Gaeilge a fhás. Éilíonn an Ard-Fheis seo mar sin go n-oibreoidh Conradh na Gaeilge i dtreo go mbeidh gach scoil sa tír ar fad ag leibhéal réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile ag feidhmiú trí Ghaeilge agus go bhfuil gá le plean soláthar múinteoirí leis seo a bhaint amach agus mar chéim ina threo seo go n-aontódh an Rialtas plean chun

go mbeidh ar a laghad 20% de dhaltaí, ar an mbunscoil agus ar an iarbhunscoil, ag freastail ar an oideachas trí mheán na Gaeilge faoi 2032.

19. Go lorgófar maoiniú le cúntóirí lánaimseartha a chur isteach i mbunscoileanna Béarla sna 6 Chontae leis an Ghaeilge a theagasc.

20. Iarrann an Ard-Fheis seo go mbeidh comhréiteach ann idir an Roinn Oideachais ó thuaidh agus an Roinn Oideachais ó dheas maidir leis an difríocht aoise ina bhfuil cead ag daltaí freastail ar mheánscoil sa dhá dhlínse i dtreo is go mbeidh deis ag daltaí ó thuaidh freastail ar oideachas meánscoile ó dheas.

21. Aithníonn an Ard-Fheis seo na dúshláin mhóra atá os comhair na gColáistí Samhraidh sa Ghaeltacht agus éilítear go gcuirfear tascfhórsa/grúpa oibre ardleibhéal ar bun láithreach bonn leis na geallsealbhóirí cuí le pleanáil go leanúnach leis na coláistí samhraidh sa Ghaeltacht a fhorbairt go suntasach sna blianta amach romhainn.

22. Aontaíonn an Ard-Fheis gur chóir feachtas náisiúnta a eagrú le húsáid logainmneacha Gaeilge in ionad logainmneacha Béarla a spreagadh mar ghnáthnós ag comhlachtaí poiblí agus go ginearálta sa phobal

23. Molann an Ard-Fheis seo go gcuirfear béim ar na coistí contae le níos mó fuinnimh a chur iontu agus chun comhoibriú a spreagadh idir craobhacha atá ag feidhmiú sa dúiche chéanna.

24. (a) Aontaíonn an Ard-Fheis gur cheart tacú le bunú scéim cónaitheachta na Gaeilge i ngach ollscoil agus Institiúidí Teicneolaíochta, thuaidh agus theas. Déanfaidh siad é seo as comhoibriú le Leas-Uachtarán don Ghaeilge AMLÉ.

(b) Éilíonn an Ard-Fheis seo go ndéanfaidh an Conradh gach iarracht cabhrú leis na hOifigigh Ghaeilge sna hollscoileanna le scéim Theach na Gaeilge a bhunú nuair nach bhfuil a leithéid ann go fóill.

(c) Éilíonn an Ard-Fheis seo go ndéanfaidh an Conradh gach iarracht cabhrú leis na hOifigigh Ghaeilge sna hollscoileanna agus sna hInstitiúidí

Teicneolaíochta le scéim Theach na Gaeilge a bhunú nuair nach bhfuil a leithéid ann go fóill.

25. Déanann an Ard-Fheis seo cáineadh ar an drochsheirbhís Ghaeilge agus ar an easpa seirbhís Ghaeilge ó Uisce Éireann agus ó eagraíochtaí Stáit eile nach bhfuil ag comhlíonadh a gcuid dualgas i leith na Gaeilge. Ag an am céanna, molann an Ard-Fheis leithéidí Electric Ireland a chuireann seirbhís Ghaeilge bhreá ar fáil i gcomhfhreagras scríofa, ar an bhfón agus ar líne. Molann an Ard-Fheis go bhfoghlaimeofar ó dhea-obair na heagraíochta sin, agus éilímid ar an gCoimisinéir sampla a dhéanamh d'eagraíochtaí nach bhfuil ag cloí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla go poiblí.

26. Aithníonn an Ard-Fheis an riachtanas a bhaineann le hearraí bolscaireachta leis an nGaeilge a chur chun cinn. É sin ráite, agus an ghéarchéim aeráide ag bagairt orainn uile, molann an Ard-Fheis go ndéanfar iarracht cur chuige Chonradh na Gaeilge i leith na n-earraí seo a athrú le go mbeidh sé níos inbhuanaithe. Molann an Ard-Fheis, mar sin, go ndéanfar na beart seo a leanas: Méid na n-earraí a cheannaítear a laghdú a fhad agus is féidir. Suirbhé a chur ar bhaill Chonradh na Gaeilge, go háirithe an t-aos óg ar a bhfuil na hearraí seo dírithe, le cinntiú go bhfuil na hearraí a chuirtear ar fáil ag teacht le mianta an phobail. Go mbeidh na hearraí inúsáidte arís is arís eile, cuir i gcás T-léinte, ar féidir caitheamh iliomad uaireanta sula bhfaightear réidh leo. Nach gceannófar earraí déanta as plaisteach aon-úsáide, ach ábhair níos inbhuanaithe: adhmad, plaisteach athchúrsailte, cadás srl. Go ndéanfar iarracht, a fhad agus is féidir, na hearraí a fháil ó chomhlachtaí Éireannacha nó comhlachtaí lonnaithe i dtíortha níos gaire d'Éireann leis an lorg carbóin a bhaineann leo a laghdú

27. Aithníonn an Ard-Fheis seo go bhfuil brú ar an teanga agus dúshláin mhóra ag teacht an t-am ar fad. Ach de réir an Áirimh Náisiúnta tá Gaeilge ag a lán daoine ach níl siad ag caint nó ag cleachtadh achan lá mar níl siad in ann an teanga a chleachtadh ró -éasca. Sa lá atá inniu ann tá achan duine gnóthach ach ba mhór linn Gaeilgeoirí nó daoine ar mhaith leo a gcuid

Gaeilge a úsáid, a bheith ábalta Gaeilgeoirí eile a aithint agus an teanga a chur chun cinn. Mar gheall ar sin iarrann an Ard-Fheis seo ar Chonradh na Gaeilge teacht le chéile leis na heagraíochtaí Gaelacha eile agus béim níos mó a chur ar Fheachtas Fáinne úr nó rud éigin eile nua, in achan scoil, ollscoil, oifig agus áit oibre.

28. Éilíonn an Ard-Fheis go n-eagrófar feachtas ar bhonn práinnigh le comharthaíocht dhátheangach ar fud champas Ollscoil na Ríona, Béal Feirste.

29. Aontaíonn an Ard-Fheis seo leis an rún a ghlac an Coiste Gnó leis ar 2 Nollaig 2023: 'Aithníonn agus molann Conradh na Gaeilge an ról ceannasaíoch atá á imirt ag Gaeil, craobhacha agus baill ar fud na tíre, ag agóidí agus i ngluaiseachtaí dlúthpháirtíochta le muintir na Palaistíne agus iad ag éileamh sos cogaidh buan láithreach' agus aontaítear go mbeimid mar eagraíocht réamhghníomhach chun craobh a bhunú sa Phalaistín nuair is féidir amach anseo agus ag éirí as an rún éilíonn Conradh na Gaeilge sos cogaidh buan láithreach.

30. Aithníonn an Ard-Fheis go bhfuil ag teip ar Fhoras na Gaeilge mar struchtúr chun maoiniú sásúil a chur ar fáil do chur chun cinn na Gaeilge ar feadh breis is 20 bliain, agus go bhfuil an obair phobail thuaidh agus theas chun an Ghaeilge a chur chun cinn thíos leis dá bharr. Dá mbeadh an ráta fáis céanna ag an bhForas is a bhí ag an gComhairle Ealaíon ó dheas le 20 bliain anuas bheadh buiséad de breis is €50 milliúin sa bhliain ag an áisíneacht anois in ionad an buiséad reatha de €17 milliúin. Aontaíonn an Conradh gur chóir bliain amháin eile a thabhairt don iarracht chun maoiniú Fhoras na Gaeilge a dheisiú, i gcomhthéacs an Phlean Fáis ó thaobh leibhéal maoinithe de, agus sa tréimhse bhliana sin go bhfiosrófar múnlaí maoinithe nua don teanga lasmuigh den Ghaeltacht ar eagla nach féidir an struchtúr tras-teorann a dheisiú. Aontaíonn an Ard-Fheis seo gur chóir breithiúnas agus cinneadh a dhéanamh ag Ard-Fheis 2025 arbh fhearr deireadh a chur leis an áisíneacht tras-teorann mar atá agus múnla eile a chur ina háit mura bhfuil na polaiteoirí tar éis gníomhú idir an dá linn le maoiniú sásúil a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2025-2030.

# AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste

| Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge | | | |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| Caitríona Ní ChonghaileTD<br>*Neamhspleách* | Dónall Ó hÉallaighTD<br>*Neamhspleách* | Seosamh Mac Aodha TD<br>*Fine Gael* | Marc Ó Cathasaigh TD<br>*An Comhaontas Glas* |
|  |  |  |  |
| Fergus Ó DubhdaTD<br>*Fine Gael* | Ruairí Ó Murchú TD<br>*Sinn Féin* | Aindrias Ó Muimhneacháin TD<br>*Fianna Fáil* | Aengus Ó Snodaigh TD (Cathaoirleach)<br>*Sinn Féin* |
|  |  |  |  |
| Pádraig Ó SúileabháinTD<br>*Fianna Fáil* | An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee (Leas-Chathaoirleach)<br>*Fianna Fáil* | An Seanadóir Seán Kyne<br>*Fine Gael* | An Seanadóir Rónán Mullen<br>*Neamhspleách* |
|  | | | |
| An Seanadóir Barry Ward<br>*Fine Gael* | | | |

# AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste

## Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann

**123. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.**

(1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.

(2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—

(a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,

(b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,

(c) méadú ar úsáid na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,

(d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na stáitseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,

(e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,

(f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,

(g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,

(h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,

(i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus

(j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—

(a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,

(b) cibé gnéithe de na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(c) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus

(d) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.

(4) Seachtar Comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.

(5) Beidh ag Buan-Choiste na Dála na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96(1), (2) agus (4).

(6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3) agus (10) den Bhuan-Ordú sin.

(7) Beidh de chumhacht ag an gComhchoiste faoi Bhuan-Ordú 95 breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

(a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 98, 100 agus 106 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.

(9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtais” chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

## Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann

### 105. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

1. Beidh arna bhunú, i ndiaidh aitionól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid na Dála chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh.

2. Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—

    (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,

    (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,

    (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,

    (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,

    (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,

    (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,

    (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,

    (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,

    (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus

    (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

3. 5 Chomhalta de Sheanad Éireann a bheidh ar Bhuanchoiste an tSeanaid. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuanchoiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.

4. Beidh ag Buanchoiste an tSeanaid na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72(1) agus (2).

5. Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72, seachas mír (6).

6. Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
   a. scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 143;
   b. aon tuarascáil iar-Achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 168, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
   c. ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
7. Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 74, 77 agus 82 maidir le Buanchoiste an tSeanaid agus leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
8. Míneofar an Comhchoiste mar an ‘Comhchoiste Oireachtais’ chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

**Tithe an Oireachtais**
Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 XR20

*www.oireachtas.ie*
Guthán: +353 (0)1 6183000
Twitter: @OireachtasNews

**Déan ceangal linn**

**Íoslódáil an Aip**

Download on the App Store
GET IT ON Google Play